



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2022
(OR. en)

14737/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0349(NLE)

COEST 824
POLCOM 169
AGRI 631
VETER 81
PHYTOSAN 54
DENLEG 81
COMPET 893
RELEX 1523

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, san Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hlarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, san Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile¹ ('an Comhaontú'), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.
- (2) Le hAirteagal 65 den Chomhaontú, bunaíodh an Fochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('an Fochoiste SPS'), lena mbreithnítear aon ábhar a bhaineann le Caibidil 4 (bearta Sláintíochta agus fíteashláintíochta) de Theideal IV (Trádáil agus Nithe a bhaineann le Trádáil) den Chomhaontú, lena n-áirítear a chur chun feidhme, agus tugtar de chumhacht dó Iarscríbhinn XI - B a ghabhann leis an gComhaontú a athbhreithniú agus a mhodhnú.
- (3) Tá an Fochoiste SPS le cinneadh a ghlacadh maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú, ina bhfuil liosta comhfhogasaithe de chúrsaí sláintíochta agus fíteashláintíochta, leas ainmhithe agus bearta reachtacha eile de chuid an Aontais a bhfuil an tSeoirsia le comhfhogasú a dhéanamh de réir a chéile ar a bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, leas ainmhithe agus bearta reachtacha eile de bhun Airteagal 55(1) den Chomhaontú.
- (4) Chuir Fochoiste SPS bailchríoch ar an liosta comhfhogasú a leagtar amach in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú trí bhíthin Chinneadh Uimh. 1/2017 ón bhFochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas agus an tSeoirsia².

¹ IO L 261, 30.8.2014, lch. 4.

² Cinneadh Uimh. 1/2017 ón bhFochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas agus an tSeoirsia an 7 Márta 2017 lena modhnaítear Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais [2017/683] (IO L 98, 11.04.2017, lch. 22).

- (5) Ag seacht gcrúinniú bliantúla an Fhochoiste SPS, chuir an tSeoirsia an Coimisiún ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir le comhfhogasúla reachtaíocht go *acquis* an Aontais. Tá an tSeoirsia tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas freisin faoi gníomhartha eile an Aontais ba cheart a bhaint as Iarscríbhinn XI-B ar an mbreithniú nach bhfuil na gníomhartha sin ábhartha don tSeoirsia ós rud é go bhfuil siad infheidhme maidir le Ballstáit an Aontais amháin.
- (6) Ó glacadh Cinneadh Uimh. 1/2017, rinne roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a aisghairm agus cuireadh gníomhartha dlí nua de chuid an Aontais in ionad cuid de na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais, agus tá a n-éifeacht dhlíthiúil ídithe ag gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais.
- (7) Is gá, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun forás *acquis* an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn sin a léiriú agus chun í a ionadú.
- (8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh, atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh san Fhochoiste SPS maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú, a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('an Fochoiste SPS') arna bhunú le hAirteagal 65 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú, bunaithe ar dhréachtchinneadh an Fhochoiste SPS atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais aontú ar mhionathruithe teicniúla ar dhréachtchinnidh an Fhochoiste SPS a ghabhann leis an gCinneadh seo, nach gcuireann gnóthú chuspóir na modhnuithe sin d'Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú i mbaol den Chomhairle, gan aon chinneadh breise ón gComhairle.

Airteagal 2.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle,
An tUachtarán*
